AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.6.2020
COM(2020) 254 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, chun aontachas Stát Neamhspleách Shamó agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo a chur san áireamh

CEANGALTÁN

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 d'Airteagal 70 den Chomhaontú:

> "1. Chun críocha an Chomhaontuithe seo, is é atá sna 'Páirtithe Conarthacha' an Comhphobal Eorpach, dá dtagraítear mar 'Páirtí CE', de pháirt amháin, Nua-Ghuine Phapua, Poblacht Fhidsí agus Stát Neamhspleách Shamó, dá dtagraítear mar na 'Stáit san Aigéan Ciúin', den pháirt eile.".

In Airteagal 80 den Chomhaontú, cuirtear an mhír 3 seo a leanas leis:

> "3. Féadfaidh an Coiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi aon mhodhnú teicniúil ar an gComhaontú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tar éis aontachas Oileánstáit eile san Aigéan Ciúin.".